Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

National Library of Ireland

# Beartas Gaeilge

**2024**



## 1. Réamhrá agus cúlra

Foráladh in *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003* go n-ullmhódh comhlachtaí poiblí scéim teanga ina leagfar amach na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil:

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta atá le glacadh chun a áirithiú go mbeidh aon seirbhís nach bhfuil á soláthar faoi láthair trí mheán na Gaeilge á chur ar fáil trí mheán na Gaeilge laistigh de thráthchlár comhaontaithe.

Faoi Alt 11 den Acht, ceanglaíodh ar chomhlachtaí poiblí, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (NLI) ina measc, dréachtscéim teanga a ullmhú. Eisíodh treoirlínte faoi Alt 12 den Acht. I mí Dheireadh Fómhair 2007, cuireadh Scéim Gaeilge 2008-2011 faoi bhráid na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. (Tá sé seo luaite mar Dhréachtscéim 1 ar shuíomh gréasáin an Choimisinéara Teanga.) Níl scéim ullmhaithe ag NLI ó shin.

Tugtar dá haire sa *Chairt Cearta Teanga* (a foilsíodh ar shuíomh gréasáin an Choimisinéara Teanga) 'Tá cosaint ar chearta teanga an phobail i mBunreacht na hÉireann agus in achtacháin éagsúla de chuid an Oireachtais, go háirithe *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003*.' I measc na gceart teanga a ráthaítear leis an Acht, agus atá liostaithe sa Chairt, tá na cinn seo a leanas, a bhfuil ábharthacht shonrach acu do NLI:

- Ceart freagraí a fháil i nGaeilge ó eagraíochtaí stáit ar chomhfhreagras i scríbhinn nó le ríomhphost sa teanga sin.
- Ceart fáil a bheith ar dhoiciméid thábhachtacha ar leith ó eagraíochtaí stáit go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla, ina measc, tuarascálacha bliantúla, cuntais iniúchta, ráitis straitéiseacha áirithe agus doiciméid ina bhfuil tograí beartais phoiblí.
- Ceart a bheith ag súil go mbeadh fáil ar fhaisnéis (m.sh. cora poist) a chuireann eagraíochtaí stáit chuig an phobal, i scríbhinn nó le ríomhphost, i nGaeilge nó go dátheangach (Gaeilge agus Béarla).
- Ceart a bheith ag súil go gcloífeadh eagraíochtaí stáit le haon rialacháin a dhéanfar faoin Acht seo i dtaca le húsáid na Gaeilge i gcomharthaíocht, stáiseanóireacht, fógraíocht agus fógairtí béil.

Ar an 22 Nollaig 2021, achtaíodh Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 (Uimhir 49 de 2021). Áiríodh in Acht 2021 foráil chun deireadh a chur le córas na scéimeanna teanga agus córas caighdeán teanga a chur ina ionad. Níl na caighdeáin teanga leagtha síos go fóill. I measc fhorálacha eile *Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021* tá na rudaí seo a leanas:

- Cuspóir go mbeidh 20% d'earcaigh nua san earnáil phoiblí agus sa Státseirbhís líofa sa Ghaeilge faoi 2030
- Foráil chun a chinntiú go bhfreagraítear cumarsáid le comhlacht poiblí ar na meáin shóisialta sa teanga chéanna
- Foráil chun a chinntiú go bhfuil 20% d'fhógraíocht bhliantúil comhlachta phoiblí i nGaeilge agus 5% i bhfoilseacháin Ghaeilge.

Ullmhaíodh an Beartas leis na riachtanais thuas san áireamh. Tá gealltanas i gCairt Custaiméirí NLI go gcuirfear seirbhísí poiblí agus faisnéis ar fáil trí Ghaeilge de réir mar is cuí.

### 1.1. Treoirlínte agus ullmhú an bheartais

Tuigimid go bhfuil freagracht ar leith ar NLI, a bhailíonn, a chaomhnaíonn agus a chuireann ar fáil cuimhne thaifeadta na hÉireann, lena n-áirítear ábhar clóite, ábhar lámhscríbhinne agus ábhar digiteach i nGaeilge, tacú le húsáid na Gaeilge agus í a spreagadh.

Aithnímid an ceart atá ag an bpobal idirghníomhú le NLI i nGaeilge, sa teanga náisiúnta agus sa chéad teanga oifigiúil, agus táimid tiomanta d'ardchaighdeán seirbhíse poiblí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.

## 2. Forbhreathnú ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Tá ról speisialta ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann i gcultúr, i bhfoghlaim agus i sochaí na hÉireann. Is institiúid cuimhne muid. Tugaimid aire do bhreis is dhá mhilliún déag ábhar faoi Éirinn agus na hÉireannaigh, lena n-áirítear leabhair, lámhscríbhinní, nuachtáin, grianghraif, priontaí, léarscáileanna, líníochtaí, ábhair ghearrshaolacha, ceol agus meáin dhigiteacha. Coimeádaimid na hábhair seo sábháilte do na glúnta atá ann faoi láthair agus do na glúnta atá le teacht.

### 2.1. Misean

Is é an misean atá againn cuimhne thaifeadta na hÉireann a bhailiú, a chosaint agus a chur ar fáil. Tá na príomhchuspóirí atá leagtha amach inár bPlean **Straitéiseach, 2022-2026**, mar bhonn agus mar thaca ag an misean seo agus is í an fhís a threoraíonn é scéal na hÉireann a roinnt leis an domhan trínár mbailiúcháin uathúla.

### 2.2. Príomhfheidhmeanna

Luaitear in Alt 12 (1) den *Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta 1997* gurb iad 'príomhfheidhmeanna Bhord na Leabharlainne an t-ábhar leabharlainne atá i mbailiúchán na Leabharlainne a chaomhnú, a athchóiriú, a chothabháil agus a mhéadú chun sochair don phobal agus taifead ar ábhar leabharlainne (lena n-áirítear ábhar a bhaineann leis an nGaeilge) i ndáil le hÉirinn a bhunú agus a chothabháil agus cur leis an rochtain a sholáthraítear do dhaoine den phobal ar ábhar a bhaineann le tíortha eile'.

Faoi Alt 12(2)(h) den Acht, áirítear ar chumhachtaí Bhord na Leabharlainne Náisiúnta 'an Ghaeilge a chothú agus a chur chun cinn le linn a fheidhmeanna a chomhlíonadh'.

## 3. Bailiúcháin

Is institiúid chultúrtha náisiúnta í Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a bhfuil sé de chúram uirthi ábhair a bhailiú don Stát agus thar a cheann. Tá ábhar fairsing Gaeilge i mbailiúcháin na Leabharlainne Náisiúnta. Tá sé mar aidhm ag NLI an t-aschur ó fhoilsitheoirí Gaeilge, lena n-áirítear foilseacháin Ghaeilge, a fháil agus a thaifeadadh go cuimsitheach.

### 3.1. Leabhair a foilsíodh i nGaeilge

Ina Beartas Forbartha Bailiúcháin maidir le leabhair a fháil, sonraíonn NLI 'ábhar i nGaeilge'. Faigheann NLI ábhar trí thaisce dhlíthiúil, trí thabhartas, agus trí cheannach agus faigheann sé nuachtáin agus sraitheacháin Gaeilge ar bhonn cuimsitheach.

Tá litreacha caighdeánacha a úsáidtear chun ábhar taisce dlíthiúla a éileamh agus a fháil ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon.

### 3.2. Bailiúcháin Speisialta

Tá bailiúchán Lámhscríbhinní Gaeilge ag NLI a théann ón gceathrú haois déag go dtí an t-aonú haois is fiche agus faigheann sé ábhar lámhscríbhinní Gaeilge go gníomhach.

**3.3. Cartlann Ghréasáin Leabharlann Náisiúnta na hÉireann**

Tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann tar éis an gréasán a chartlannú go roghnaitheach ó 2011. Cinntíonn cartlannú gréasáin go gcaomhnaítear suímh ghréasáin agus meáin shóisialta Éireannacha sa Bhailiúchán Náisiúnta. Dearbhaítear i mBeartas Forbartha Bailiúchán na Leabharlainne Náisiúnta 'go bhforbróidh an Leabharlann, trína sainordú, taifead ar an nGaeilge nach bhfuil sárú air, lena n-áirítear na foirmeacha digiteacha éagsúla ina ndéantar í a scríobh agus a thaifeadadh inniu.'

## 4. Príomhsheirbhísí

Tá NLI anseo chun freastal ar aon duine ar mian leis nó léi rochtain a fháil ar ár mbailiúcháin nó ar ár seirbhísí, ar an láthair agus ar líne. Tá na seirbhísí go léir atá á dtairiscint faoi láthair ar fáil go dátheangach nuair is féidir. Déanaimid ár ndícheall ábhar téacs Gaeilge a chur ar fáil, nuair is praiticiúil, in ábhair phoiblíochta agus eolais, lena n-áirítear san fhaisnéis ar ár n-ardán meán sóisialta.

**4.1. Seirbhísí taighde agus tagartha inár Seomraí Léitheoireachta**

- Freagraítear an chumarsáid a fhaightear i nGaeilge i nGaeilge, e.g. fiosruithe a fhaightear trí info@nli.ie agus mqueries@nli.ie
- Tá foirmeacha, fógraí agus comharthaí eolais uile an tSeomra Léitheoireachta dátheangach.
- Tá comhéadan Catalóige NLI dátheangach.

**4.2. Seirbhís staire teaghlaigh**

- Tá an Rannóg Staire Teaghlaigh ar an suíomh gréasáin dátheangach agus aistrítear ábhar nua nuair is féidir.
- Tá téacs míniúcháin i nGaeilge ar *Chláir na bParóistí Caitliceacha* ar shuíomh gréasáin na Leabharlainne Náisiúnta.

**4.3. Athghrafaíocht agus Cead chun seirbhís a athúsáid**

- Tá gach foirm ordaithe ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge.
- Baineann na meáin chlóite agus chraolta úsáid as bailiúcháin na Leabharlainne Náisiúnta d'fhoilseacháin agus do chláir Ghaeilge.

## 5. Taispeántais, Foghlaim agus Cláreagrú

Tacóidh NLI le húsáid na Gaeilge agus cuirfidh sí chun cinn í trína cuid taispeántas, obair foghlama agus chláir. Freagraítear gach comhfhreagras i nGaeilge a fhaigheann foireann na dTaispeántas, na Foghlama agus an Chláir i nGaeilge.

**5.1. Taispeántas**

- Úsáidtear téacs dátheangach i ngach taispeántas nua.
- Úsáidtear téacs dátheangach ar phóstaeir agus ar chomharthaí imeachtaí, agus ar chomharthaíocht dhigiteach.
- Cuirfear rogha de na hacmhainní ar fad, closábhar san áireamh, ar fáil i nGaeilge faoi 2030.

**5.2. Foghlaim**

- Cuirfear Clár Scoileanna na Leabharlainne Náisiúnta, an Clár Leanaí agus Teaghlaigh, agus an Clár Foghlama Pobail agus Feadh an tSaoil ar fáil i nGaeilge.

**5.3. Clársceidealú**

- Reáchtálann NLI cainteanna, turais, léachtaí agus imeachtaí eile (ar líne agus ar an láthair) i nGaeilge nó ar thopaicí Gaeilge.
- Táthar ag súil go leanfar le gníomhaíochtaí a eagraítear le linn *Sheachtain na Gaeilge* a fhorbairt sna blianta amach romhainn.
- Rachaidh clár gníomhach for-rochtana Gaeilge i dteagmháil le gníomhaireachtaí a chuireann an Ghaeilge chun cinn ar bhonn uile-oileáin.

## 6. Cumarsáid

Tá NLI tiomanta dár gcumarsáid a fhorbairt ar fud ardáin éagsúla chun gach a bhfuil le tairiscint ag NLI a thaispeáint. Nuair is indéanta agus ag brath ar acmhainní foirne a bheith ar fáil, déanaimid ár ndícheall ábhar téacs Gaeilge a chur ar fáil in ábhair phoiblíochta agus eolais.

**6.1. Ábhair chlóite/Foilseacháin**

Is i nGaeilge agus i mBéarla a chuirtear tuarascálacha agus doiciméid bheartais na Leabharlainne Náisiúnta ar fáil. Tá siad seo ar fáil i gcruachóip agus i bhformáid ar líne ar shuíomh gréasáin NLI www.nli.ie

**6.2. Earcaíocht**

Fógraítear gach comórtas earcaíochta oscailte i nGaeilge agus i mBéarla ar www.publicjobs.ie agus cuirtear aon leabhráin eolais agus foirmeacha iarratais a ghabhann leo ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. I gcás roinnt post, d'fhéadfadh sé go roghnódh iarratasóirí dul faoi agallamh measúnaithe Gaeilge mar chuid den phróiseas agallaimh.

**6.3. Comharthaíocht**

Tá gach comhartha buan dátheangach ar fud fhoirgnimh NLI, agus comharthaíonn limistéir i bhfoirgnimh, áiseanna, treoirlínte do chuairteoirí agus eolas ginearálta. Tá áiseanna i bhfeidhm chun comharthaí nó comharthaí dátheangacha oibríochtúla sealadacha a chur in airde i nGaeilge de réir mar is cuí.

**6.4. Na Meáin Shóisialta**

Tá NLI gníomhach ar na meáin shóisialta agus postálann sí go rialta i nGaeilge. Foilsíodh roinnt alt faoi bhailiúcháin Ghaeilge ar bhlag NLI. Freagraítear cumarsáid Ghaeilge chuig NLI ar na meáin shóisialta i nGaeilge.

**6.5. Suíomh gréasáin**

Tá gach buntéacs caighdeánach ar an suíomh gréasáin dátheangach. Aistreofar téacs a nuashonraítear go minic laistigh de thréimhse shonraithe.

**6.6. Stáiseanóireacht**

Tá stáiseanóireacht NLI dátheangach.

**6.7. Comhfhreagras ríomhphoist**

Áirítear ar na cearta teanga a ráthaítear le *hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003* ceart freagraí a fháil i nGaeilge ó eagraíochtaí stáit ar chomhfhreagras i scríbhinn nó le ríomhphost sa teanga sin'. Freagraítear gach comhfhreagras a fhaightear i nGaeilge i nGaeilge.

Sa chás go n-úsáidtear comhad sínithe, beidh ainmneacha agus seoltaí na roinne agus na rannóige ábhartha i nGaeilge agus i mBéarla araon.

## 7. Feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí Gaeilge i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Cuirfidh NLI leis an soláthar seirbhíse atá againn faoi láthair, agus aithneoidh sé réimsí sonracha inar féidir seirbhís Gaeilge níos fearr a chur ar fáil agus cuirfidh sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun cabhrú leis an méid seo a bhaint amach. Ní mór a thabhairt faoi deara nach mór acmhainní agus cumais theoranta laistigh de réimse inniúlachta na Gaeilge a chur san áireamh.

**7.1. Cur chuige réamhghníomhach i leith seirbhísí Gaeilge**

Leanfaidh NLI le cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh i leith cur chun cinn na Gaeilge ar fud na heagraíochta agus tapóidh sí gach deis chun na seirbhísí a chuireann sí ar fáil trí Ghaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú. Cuirfidh sé custaiméirí ar an eolas faoin rogha déileáil le NLI trí mheán na Gaeilge.

**7.2. Feabhas a chur ar chumas teanga i measc na foirne**

Tá NLI tiomanta d'fheabhas a chur ar eolas agus scileanna na bhfostaithe agus na foirne agus spreagtar iad chun a scileanna Gaeilge a fheabhsú trí chúrsaí oiliúna agus forbartha.

- Cuirfimid le líon na mball foirne atá in ann gnó a dhéanamh trí Ghaeilge trí dheis a thabhairt don fhoireann atá ann cheana freastal ar ranganna Gaeilge.
- Tiocfaidh an Coiste Gaeilge le chéile ar bhonn ráithiúil agus oibreoidh siad i gcomhar leis an bhFoireann Ceannaireachta chun an Ghaeilge a chur chun cinn in NLI.
- Eagraíonn agus cuireann an fhoireann *An Ciorcal Comhrá*, ciorcal comhrá Gaeilge neamhfhoirmiúil, chun cinn agus reáchtáiltear é ar bhonn seachtainiúil.
- Spreagfar baill foirne chun obair dheonach a dhéanamh chun seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil ar fud NLI de réir mar a thagann forbairt ar a gcumas Gaeilge.
- Cuirfear feasacht ar an nGaeilge san áireamh mar chuid den Ionduchtú lena chinntiú:
    - go dtuigeann baill foirne cén fáth a bhfuil polasaí Gaeilge á fhorbairt againn.
    - go dtuigeann baill foirne comhthéacs agus cúlra an bheartais.
    - go bhfuil baill foirne ar an eolas go hiomlán faoin gcaoi a rachaidh an beartas i bhfeidhm ar a gcuid oibre.

## 8. Cur chun feidhme, Monatóireacht agus Athbhreithniú

I ndeireadh na dála, is í an Fhoireann Ceannaireachta a bheidh freagrach as cur chun feidhme an Bheartais a chinntiú, chomh maith le faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh air. Beidh gá le hacmhainní leordhóthanacha chun an Beartas a chur chun feidhme. Déanfar monatóireacht inmheánach ar leibhéil an éilimh ar an nGaeilge agus ar úsáid seirbhísí trí Ghaeilge chun cabhrú le bonn eolais a chur faoi sholáthar seirbhísí trí Ghaeilge.

Go dtí go dtabharfar isteach Caighdeáin Teanga, déanfar athbhreithniú ar Pholasaí na Gaeilge gach trí bliana.

*Leabharlann Náisiúnta na hÉireann*

National Library of Ireland